



Mótarcháin- Bearta nua chun feithicil a dhearbhú den bhóthar (dáta a nuashonraíodh 16/09/2013)

Cúlra

Is é an socrú atá ann faoi láthair ná gur féidir le húinéir feithicle an fógra ar na Foirmeacha RF100A agus RF111 a dhearbhaíonn nach raibh an fheithicil in úsáid in áit phoiblí a shíniú faoi fhianú ag Stáisiún Gardaí. Bhí seo leordhóthanach lena chinntiú nach raibh an mótarcháin le n-íoc i leith na tréimhse a bhí luaite ar an bhfoirm. Cé go mbíonn síniú an úinéara arna fhianú ag Garda, níl aon riachtanas ann go ndéanfaí cruinneas an ráitis a sheiceáil.

Táthar ag baint úsáid níos mó as dearbhuithe den sórt sin agus tá méadú ag teacht ar an gcaillteanas ioncaim don Stáit dá bharr. Léirigh anailís ar ráitis a raibh fianaithe ag Gardaí leis an 12 mí go dtí deireadh Iúil 2012 go ndearnadh 539,000 dearbhú le linn na tréimhse sin, a raibh luach de níos má €110m ag baint leo. Bhain €22m le costais maidir le hathruithe ar úinéireacht feithicil agus bhain an €88m eile le tréimhsí idir 1 agus 3 mí.

Cé go mbíonn fíor-dhearbhuithe i gceist i roinnt cásanna, tá amhras ann go mbaintear mí-úsáid forleathan as an gcóras rud a d'fhéadfadh costas de suas le €55m a chruthú gach bliain. Tá an leibhéal seachanta cánach a dhéantar éagórach ar thromlach na ndaoine a íocann a gcuid mótarchánach go coinsiasach.

Táthar i mbun athruithe chun deireadh a chur leis an mbealach éalaithe seo agus aithnítear go mbeidh sé riachtanach forálacha a dhéanamh i leith tréimhsí nach mbíonn feithicil in úsáid i ndáiríre.

Bearta nua

Tháinig na socrúithe nua maidir lena dhearbhú nach bhfuil feithicil ar bóthar i bhfeidhm an 1 Iúil 2013. Faoin gcóras nua, ní mór a dhearbhú **roimh ré** nach mbeidh an fheithicil ar bóthar agus tagann an córas seo in áit an chórais a bhí ann nuair a d'fhéad úinéirí a dhearbhú nach raibh feithicil ar bóthar nuair a bhíodh cáin á lorg.

Níl aon athrú ar na rialacha a bhaineann le cáin a íoc roimh an dáta éaga, nó maidir le riaráistí a íoc tar éis dáta éaga na cánach.

Tá idirthréimhse de thrí mhí ann idir an 1^ú Iúil 2013 agus an 30 Meán Fómhair 2013 ina mbeidh orthu siúd a bhfuil riaráistí le n-íoc acu iad sin a íoc agus ceadúnas feithicle nua a fháil nó a dhearbhú nach mbeidh an fheithicil sin in úsáid, is é sin, a chur in iúl do na húdaráis mótarchánach nach bhfuil sé ar intinn acu an fheithicil a úsáid in áit phoiblí.

Beidh orthu siúd nach raibh a gcuid feithicil ar an mbóthar dearbhú a dhéanamh maidir le neamhúsáid don tréimhse atá i gceist agus ní mór dóibh ceadúnas feithicle nua a fháil nó dearbhú a dhéanamh maidir le neamhúsáid, is é sin, a chur in iúl do na húdaráis mótarchánach nach bhfuil sé ar intinn acu an fheithicil a úsáid in áit phoiblí.



Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government



An Roinn Iompair
Turasóireachta agus Spóirt

Department of Transport,
Tourism and Sport

Ag deireadh na hidirthréimhse, ní bheidh feidhm níos mó leis an gcóras atá ann faoi láthair lenar féidir le duine dul chuig Stáisiún Gardaí agus a dhearbú nach raibh feithicil ar bóthar agus gan a bheith dlite riaráistí a íoc, **AGUS BEIDH TÚ DLITE NA RIARÁISTÍ MÓTARCHÁNACH AR FAD A ÍOC SULAR FÉIDIR CEADÚNAS FEITHICILE NUA A EISIÚINT I nDÁIL LEIS AN bhFEITHICIL.**

Déanann an bhileog eolais seo a leanas achoimre ar na bearta nua a thiofadh i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2013. Tá na socrúithe idirthréimhse i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair leagtha amach ag deireadh na cáipéise seo.

C1. Conas ar féidir liom a dhearbú nach bhfuil m'fheithicil ar bóthar?

F1. Mura bhfuil d'fheithicil le bheith in úsáid agus mura bhfuil an feithicil sin le bheith coinnithe in áit phoiblí, beidh tú in ann a dhearbú nach bhfuil an feithicil ar bóthar tríd an Fhoirm RF150 a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig d'oifig mótarachánach áitiúil. Is féidir an Fhoirm R150 a íoslódáil ó www.environ.ie, www.motortax.ie, nó ó láithreán gréasáin an údarais áitiúil. Is féidir í a fháil freisin ag d'oifig mhótarachánach áitiúil, ag Stáisiún Gardaí áitiúil, ag Leabharlann áitiúil nó ón Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Táthar i mbun forbartha faoi láthair ar shaoráid iarratas ar líne agus beidh tú in ann iarratais a dhéanamh ar líne ar www.motortax.ie amach sa bhliain.

C2. Mura bhfuil m'fheithicil in úsáid, cén uair ar chóir dom a dhearbú nach bhfuil sí ar bóthar?

F2. Ní mór duit a dhearbú nach bhfuil d'fheithicil ar bóthar **roimh ré**. Ní mór an dearbhú a dhéanamh le linn na míosa ina n-éagtar an diosca mótarachánach reatha. Gheobhaidh gach iarratas a chomhlíontar i gceart deimhniú ar an idirbheart, tríd an bpost nó ar an láthair má chuirtear an dearbhú isteach de lámh ag d'oifig mhótarachánach áitiúil.

C3. An féidir liom dearbhú a dhéanamh tar éis dáta éaga na cánach?

F3. Ní féidir, ní mór é a dhéanamh roimh ré. Sa chás go mbíonn riaráistí mótarachánach dlite, ní mór iad a íoc go hiomlán agus mótaracháin a íoc i leith 3 mhí ar a laghad sular féidir dearbhú um neamhúsáid a dhéanamh. Féach C14 thíos, áfach, maidir le feithicilí a bhíonn díreach ceannaithe (nua nó athlámh).

C4. Cad a tharlóidh má chuirim an dearbhú isteach tar éis dáta éaga na cánach?

F4. Seolfar ar ais chugat é agus cuirfear in iúl duit go bhfuil tú dlite cáin a íoc ar feithicil i leith tréimhse 3 mhí ar a laghad sular féidir dearbhú um neamhúsáid a dhéanamh. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin, má tá tú chun an dearbhú a sheoladh sa phost, é a sheoladh sa phost in am le go mbainfidh sé d'oifig mhótarachánach áitiúil amach.

C5. An gcaithfear an fhoirm a fhianú ag Stáisiún Gardaí?

F5. Ní chaithfear – níl aon riachtanas ann an fhoirm a fhianú ag Stáisiún Gardaí.



Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government



An Roinn Iompair
Turasóireachta agus Spóirt

Department of Transport,
Tourism and Sport

C6. An gcaithfidh mé míniú a thabhairt faoin gcúis nach bhfuil an fheithicil ar an mbóthar nó an mbeidh orm fianaise a thabhairt ina leith?

F6. Ní chaithfidh agus ní bheidh, ní iarrfar ort míniú a thabhairt faoin gcúis nach bhfuiltear chun úsáid a bhaint as an bhfeithicil ná ní iarrfar ort fianaise i bhfoirm cáipéisí a chur ar fáil. Beidh fineáil i gceist áfach agus d'fhéadfaí tréimhse príosúin a ghearradh sa chás go gciontófar tú ar dhearbhu neamhúsáide bréagach nó mí-chruinn a dhéanamh sa bhreis ar aon phionós a bhíonn agat cheana féin mar gheall nach raibh diosca mótarchánach bailí ar taispeánt agat.

C7. An mbeidh orm táille riaracháin a íoc lena dhearbhu nach mbeidh m'fheithicil ar bóthar?

F7. Ní bheidh.

C8. Cad é an tréimhse is faide lenar féidir liom a dhearbhu nach mbeidh an fheithicil ar bóthar?

F8. Trí mhí féilire an tréimhse is giorra agus dhá mhí dhéag féilire an tréimhse is faide i.e. ní féidir leat a dhearbhu nach mbeidh feithicil ar bóthar ar feadh míosa nó dhá mhí. Caithfear an dearbhu a dhéanamh do mhíonna féilire iomlána, ag tosú ar an gcéad lá den mhí agus ag críochnú ar an lá deiridh den mhí.

C9. An bhfaighidh mé fógra athnuachana ag deireadh na tréimhse a sonraíodh sa dearbhu?

F9. Gheobhaidh – ar an mbealach céanna a fhaigheann tú fógra athnuachana faoi láthair nuair a bhíonn do mhótarcháin ag dul in éag.

C10. Cad ba chóir dom a dhéanamh má bhím ag iarraidh an fheithicil a choinneáil den bhóthar ar feadh tréimhse níos faide?

F10. Le linn na míosa roimh dheireadh na tréimhse a sonraíodh sa chéad dhearbhu, is féidir leat dearbhu nua a dhéanamh i leith tréimhse bhreise idir trí mhí agus dhá mhí dhéag. Is féidir é seo a dhéanamh in athuair i leith na tréimhse ina bhfuil sé beartaithe agat an fheithicil a choinneáil den bhóthar.

C11. Cad a tharlóidh má bhím ag iarraidh an fheithicil a chur ar ais ar an mbóthar sula rachaidh an tréimhse atá sonraithe sa dearbhu in éag?

F11. Is féidir an dearbhu a chur ar ceal ag tráth ar bith trí do mhótarcháin a athnuachan ag d'oifig mhótarchánach áitiúil – beidh feidhm leis an diosca mótarchánach ón gcéad lá den mhí ina gcuireann tú cáin ar an bhfeithicil.

C12. Cad a tharlóidh má dhíolaim an fheithicil roimh dáta éaga an dearbhaithe?

F12. Cuirfear an dearbhu ar ceal go huathoibríoch ó dháta an díolacháin.

C13. An féidir liom an dearbhu a aistriú má dhíolaim feithicil amháin agus má cheannaím feithicil eile?

F13. Ní féidir, caithfidh tú dearbhu nua a dhéanamh i ndáil leis an bhfeithicil atá á ceannach. Caithfear an dearbhu a dhéanamh chuig d'oifig mhótarchánach áitiúil laistigh de dheich lá ó dháta an díolacháin.



Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government



An Roinn Iompair
Turasóireachta agus Spóirt

Department of Transport,
Tourism and Sport

C14. Táim tar éis feithicil a cheannach – conas is féidir liom dearbhú a dhéanamh go bhfuil sé i gceist agam an fheithicil a choinneáil den bhóthar ar feadh tréimhse?

F14. Má tá feithicil nua nó feithicil athlámhe ceannaithe agat agus mura bhfuil sé ar intinn agat an fheithicil a úsáid láithreach, beidh deich lá agat ó dháta an cheannacháin (mar a shonraítear sa cháipéis clárúcháin nó san fhógra maidir le húinéireacht feithicle a aistriú) chun dearbhú um neamhúsáid a dhéanamh. Sa chás sin, bheidh feidhm leis an dearbhú ón gcéad lá den mhí ina ndéantar an díolachán nó ón gcéad lá den mhí ina gcláraítear feithicil nua.

Cinntigh go gcuireann tú an té atá ag díol na feithicle ar an eolas go bhfuil sé ar intinn agat a dhearbhu nach mbeidh an fheithicil ar bóthar agus gur chóir dó/dí a chinntiú go gcuirtear an t-athrú úinéireachta in iúl don Chomhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe chomh luath agus is féidir.

C15. Cad a tharlóidh más rud é go bhfuil TNG le cur ar m'fheithicil nuair nach mbeidh sí ar bóthar?

F15. Is féidir an fheithicil a úsáid le linn tréimhse neamhúsáide sa dá chás seo a leanas:

- í a thabhairt chuig agus as an ionad tástála; nó
- í a thabhairt áit éigin chun deisiúcháin a dhéanamh uirthi tar éis atástála, nó í a thabhairt ar ais chuig an áit ina mbíonn sí coinnithe nuair nach bhfuil sí ar bóthar i ndiaidh na ndeisiúcháin. Ní féidir an fheithicil a úsáid sa chás seo ach amháin sa chás go mbíonn coinne déanta cheana féin don atástáil.

Bíonn na rialacha céanna i bhfeidhm i leith tástála ródacmhainneachta d'fheithicilí tástála.

Má tá tú chun feithicil a thabhairt chuig ionad tástála nó chuig nó as ionad deisiúcháin tar éis di teipeadh sa tástáil, moltar duit cóip den choinne i gcomhar na tástála nó na hatástála a bheith ar iompar agat.

C16. Tá sean-fheithicil agam sa gharáiste nach bhfuil in úsáid ar feadh na mblianta. Ar chóir dom í a dhearbhu den bhóthar?

F16. Más dóigh leat, ag am ar bith amach anseo, go mb'fhéidir go gcuirfí an carr ar ais ar an mbóthar, beidh ort dearbhú a thabhairt ar Fhoirm RF100A san idirthréimhse (1 Iúil 2013 go 30 Meán Fómhair 2013), chun tréimhse atá thart a chlúdach, má tá tú chun riaráistí a sheachaint ó dháta éaga an cheadúnais mótarachánach deiridh nuair a bheidh an fheithicil á cur ar ais ar an mbóthar. Beidh ort freisin Foirm RF150 a chomhlánú chun an tréimhse neamhúsáide de suas le bliain ina dhiaidh sin a chlúdach. Má tá tú lán-chinnteach nach gcuirfean an fheithicil ar ais ar an mbóthar go brách, níl tada le déanamh agat.

C17. An féidir liom an fheithicil a pháirceáil in áit phoiblí tar éis dom a dhearbhu nach mbeidh sí ar bóthar?

F17. Ní féidir, ní féidir leat an fheithicil a choinneáil ná a úsáid in áit phoiblí tráth a mbíonn dearbhú i bhfeidhm nach mbeidh feithicil ar an mbóthar. Ní mór an fheithicil a choinneáil isteach ón mbóthar agus ní in áit phoiblí chun dliteanas i leith mótarachánach a sheachaint



Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government



An Roinn Iompair
Turasóireachta agus Spóirt

Department of Transport,
Tourism and Sport

(mar aon le pionóis i leith neamhíocaíochta mótarachánach agus i leith dearbhú bréagach a dhéanamh nach bhfuil feithicil ar bóthar).

C18. An féidir liom aisíocaíocht a fháil má bhíonn orm feithicil a bhfuil cáin uirthi a bhaint den bhóthar?

F18. Is féidir sa chás go gcáilíonn tú i leith aisíocaíochta faoi na rialacha atá ann faoi láthair. Áirítear orthu sin; má ghoidtear an fheithicil agus murar féidir í a aisghabháil, má dhéantar feithicil a dhiúscairt nó a easpórtáil go buan, nó má choinníonn tú feithicil den bhóthar ar chúiseanna tinnis, nó go mbíonn tú imithe as an Stát ar chúiseanna gnó nó oideachais nó ar sheirbhís thar lear le hÓglaigh na hÉireann. Sna cásanna sin ar fad, ní mór go mbeadh tréimhse trí mhí ar a laghad ar an diosca.

C19. Má bhím i dteideal aisíocaíochta, cad a tharlóidh?

F19. Comhlánaigh Foirm RF120 – Iarratas ar Aisíoc Motarchánach - chun aisíocaíocht a fháil. Ní gá duit dearbhú um neamhúsáid ar leithligh a chomhlánú chun an tréimhse lena mbaineann an t-aisíoc a chlúdach. Má bhíonn an fheithicil den bhóthar ar feadh tréimhse i ndiaidh dháta éaga an diosca, áfach, beidh ort Foirm RF150 a chomhlánú agus a chur ar aghaidh mí roimh thús na tréimhse sin.

C20. Más rud é go bhfuil riaráistí le n-íoc agam, an féidir liom a dhearbhu nach mbeidh feithicil ar bóthar?

F20. Ní féidir, ní cheadófar duit a dhearbhu nach mbeidh an fheithicil ar bóthar i gcás ar bith ina mbíonn riaráistí le n-íoc – ní mór na riaráistí a íoc agus mótarcháin a chur ar an bhfeithicil ar feadh tréimhse trí mhí ar a laghad sula gceadófar duit a dhearbhu nach mbeidh an fheithicil ar bóthar. Déanfar eisceacht i rith na hidirthréimhse – féach ar an treoir de réir na míosa thíos.

C21. Tá m'fheithicil díolmhaithe ó mhótarcháin– ar chóir dom dearbhú a dhéanamh?

F21. Ba chóir ionas go gcoinneofaí taifead na feithicle cothrom le dáta.

C22. Cad atá orm a dhéanamh i rith na hidirthréimhse?

F22. Ritheann an idirthréimhse go dtí 30 Meán Fómhair 2013. Maidir leo siúd nach mian leo a dhearbhu go bhfuil sé ar intinn acu an fheithicil a choinneáil den bhóthar ar feadh tréimhse faoi leith, agus maidir leo siúd a bhfuil a gcuid gnóthaí mótarachánach cothrom le dáta, ní thiocfaidh aon athrú ar chúrsaí agus ní bheidh gá aon rud nua a dhéanamh i rith na hidirthréimhse.

Maidir leo siúd a bhfuil sé ar intinn acu dearbhú a dhéanamh chun an fheithicil a choinneáil den bhóthar nó iad siúd atá ag coinneáil feithicilí den bhóthar cheana féin, braitheann an méid atá le déanamh acu sin ar a gcuid imthosca áirithe féin. Ní mór dóibh féachaint ar an treoir de réir na míosa atá leagtha amach thíos.

Bainfidh an treoir mí i ndiaidh míosa atá leagtha amach ag deireadh na cáipéise seo leatsa.



Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government



An Roinn Iompair
Turasóireachta agus Spóirt

Department of Transport,
Tourism and Sport

C23. Ní bheidh mé in ann dul chuig Stáisiún Gardaí roimh an 30 Meán Fómhair chun a dhearbhu nach raibh m'fheithicil ar bóthar. Cad is féidir liom a dhéanamh?

Má tá tú thar lear agus nach mbeidh ar ais in Éirinn roimh an 30 Meán Fómhair, bainfidh na socruithe seo a leanas leat:

- Comhlánaigh agus sínigh cuid 1, 7 agus 8 den Fhoirm F100A – An Fhoirm Athnuachana Mótarchánach (nó má tá athrú ar shonraí, an Fhoirm RF111 – Athrú ar Shonraí agus comhlánaigh cuid 1,10, 11 agus cibé cuid de 2-5 atá ábhartha). Sin chun tréimhse neamhúsáide roimhe sin a chlúdach (féach treoir mí i ndiaidh míosa thíos) .
- Ainmnigh, i scríbhinn, tríú páirtí (cara nó duine muinteartha) chun an Fhoirm RF100A nó RF111 chomhlánaithe a thabhairt i láthair Stáisiún Gardaí ar do shon.
- Ullmhaigh litir do do chara nó do dhuine muinteartha le tabhairt chuig an stáisiún Gardaí lena chur in iúl don Gharda Síochána nach mbeidh tú ar ais sa Stát roimh an 30 Meán Fómhair 2013.
- Bíodh cóip den leathanach de do phas ar a bhfuil do shíniú leis.
- Bíodh cóip d'aon cheann díobh seo thíos leis mar fhianaise nach mbeidh tú ar ais sa Stát roimh an 30 Meán Fómhair 2013:
 - ticéad aerlíne nó an cháipéisíocht chuí;
 - cóip den víosa a thug cead duit dul isteach sa tír ina bhfuil tú anois i do chónaí;
 - cóip den stampa víosa iontrála chun na tíre ina bhfuil tú anois i do chónaí;
 - Deimhniú scríofa ó d'fhostóir go bhfuil tú imithe as an Stát chun críocha oibre;
 - Cóip den chonradh le d'fhostóir a léiríonn go bhfuil tú lonnaithe lasmuigh den Stát chun críocha oibre,
- Ba chóir na cáipéisí seo a thabhairt chuig Stáisiún Gardaí thar do cheann chun do shíniú a fhianú agus stampa an Stáisiúin Gardaí agus síniú finné ó chomhalta an Gharda Síochána a bheith ar an bhFoirm RF100A nó RF111.
- Comhlánaigh Foirm RF150 – Dearbhú maidir le Neamhúsáid Feithicle – maidir le haon tréimhse amach anseo nach mbeidh an fheithicil in úsáid. Ní gá go mbeadh síniú fianaithe ag Garda leis seo, agus
- Socraigh go gcuirfear an Fhoirm RF100A (nó RF111, má bhaineann) agus Foirm RF150 ar aghaidh chuig d'oifig áitiúil mótarchánach.

Tá sé tábhachtach go leantar an nós imeachta seo agus go gcuirfear Foirm RF100A (nó RF111, má bhaineann) agus Foirm RF150 i láthair d'oifig áitiúil mótarchánach **an 30 Meán Fómhair 2013 nó roimhe** lena chinntiú nach mbeidh tú dlite riaráistí mótarchánach a íoc nuair a fhillfidh tú chun an Stáit agus más mian leat d'fheithicil a úsáid in áit phoiblí ag an am sin.



Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government



An Roinn Iompair
Turasóireachta agus Spóirt

Department of Transport,
Tourism and Sport

Má tharlaíonn sé de bharr tinneas, éagumas nó cúis bona fide eile nach bhfuil ar do chumas dul chuig Stáisiún Gardaí roimh an **30 Meán Fómhair**, bainfidh na socruithe seo a leanas:

- Comhlánaigh agus sínigh cuid 1, 7 agus 8 den Fhoirm F100A – An Fhoirm Athnuachana Mótarchánach (nó má tá athrú ar shonraí, an Fhoirm RF111 – Athrú ar Shonraí agus comhlánaigh cuid 1,10, 11 agus cibé cuid de 2-5 atá ábhartha). Sin chun tréimhse neamhúsáide roimhe sin a chlúdach (féach treoir mí i ndiaidh míosa thíos).
- Ainmnigh, i scríbhinn, tríú páirtí (cara nó duine muinteartha) chun an Fhoirm RF100A nó RF111 chomhlánaithe a thabhairt i láthair Stáisiún Gardaí ar do shon.
- Ullmhaigh litir do do chara nó do dhuine muinteartha le tabhairt chuig an Stáisiún Gardaí chun a chur in iúl don Gharda Síochána go bhfuil tú tinn nó éagumasaithe (ní gá nádúr an tinnis/ an éagumais a shonrú) nó nach bhfuil tú ábalta freastal ar Stáisiún Gardaí ar chúis bona fide.
- Chun fianaise dhoiciméadach a sholáthar —
 - i gcás tinnis nó éagumais, litir ó liachleachtóir deimhnithe ag deimhniú go bhfuil tú tinn nó éagumasaithe (ní gá nádúr an tinnis/ an éagumais a shonrú) agus nach bhfuil tú ábalta freastal ar Stáisiún Gardaí go pearsanta, nó
 - In aon chás eile, aon fhianaise dhoiciméadach a shásóidh comhalta den Gharda Síochána ag Stáisiún Gardaí nach bhfuil tú go bona fide ábalta freastal ar an stáisiún,
- Ba chóir na cáipéisí seo a thabhairt chuig Stáisiún Gardaí thar do cheann chun do shíniú a fhianú agus stampa an Stáisiún Gardaí agus síniú finné ó chomhalta an Gharda Síochána a bheith ar an bhFoirm RF100A nó RF111.
- Comhlánaigh Foirm RF150 – Dearbhú maidir le Neamhúsáid Feithicle – maidir le haon tréimhse amach anseo nach mbeidh an fheithicil in úsáid. Ní gá go mbeadh síniú fianaithe ag Garda leis seo, agus
- Socraigh go gcuirfear an Fhoirm RF100A (nó RF111, má bhaineann) agus Foirm RF150 ar aghaidh chuig d'oifig áitiúil mótarchánach.

Tá sé tábhachtach go leantar an nós imeachta seo agus go gcuirtear Foirm RF100A (nó RF111, má bhaineann) agus Foirm RF150 i láthair d'oifig áitiúil mótarchánach **an 30 Meán Fómhair 2013 nó roimhe** lena chinntiú nach mbeidh tú dlite riaráistí mótarchánach a íoc más mian leat d'fheithicil a úsáid in áit phoiblí sa toadhcháí.



Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government



An Roinn Iompair
Turasóireachta agus Spóirt

Department of Transport,
Tourism and Sport

Treoir de réir na míosa (dáta a nuashonraíodh 16/09/2013)

Más rud é go bhfuil tú ag iarraidh a dhearbhu nach mbeidh d'fheithicil ar bother agus más rud é go bhfuil do mhótarcháin ag dul in éag:

- **... ag deireadh Lúnasa 2013:**
Is féidir leat dearbhú um neamhúsáid i mí Mheán Fómhair a dhéanamh chuig d'oifig mhótarchánach áitiúil lena mbainfidh dáta tosaithe 1 Meán Fómhair 2013 do thréimhse idir 3 agus 12 mhí.
- **... ag deireadh Mheán Fómhair 2013:**
Is féidir leat dearbhú um neamhúsáid i mí Mheán Fómhair a dhéanamh chuig d'oifig mhótarchánach áitiúil lena mbainfidh dáta tosaithe 1 Deireadh Fómhair 2013 do thréimhse idir 3 agus 12 mhí.
- **... le linn míonna ina dhiaidh sin:**
- Is féidir leat dearbhú um neamhúsáid a dhéanamh sa mhí deiridh den cheadúnas feithicle nó den dhearbhu um neamhúsáid roimhe sin. Ní mór an dearbhú a dhéanamh chuig d'oifig mhótarchánach áitiúil roimh an lá deiridh den mhí sin. Beidh feidhm leis an dearbhú ón gcéad lá den mhí ina dhiaidh sin do thréimhse idir 3 agus 12 mhí.

Más rud é nach bhfuil d'fheithicil ar bóthar agus nach mbeidh sí ar bóthar:

... i rith Mheán Fómhair 2013:

Is féidir leat dearbhú arna fhianú ag Garda a dhéanamh a chlúdóidh an tréimhse chuig deireadh Lúnasa 2013 agus dearbhú um neamhúsáid a dhéanamh i Meán Fómhair 2013 lena mbainfidh dáta tosaithe 1 Meán Fómhair 2013 ar feadh tréimhse idir trí agus 12 mhí.

... le linn míonna ina dhiaidh sin:

Ní bheidh tú in ann dearbhú arna fhianú ag Garda a dhéanamh níos mó agus beidh riaráistí mótarchánach mar aon le trí mhí mótarchánach ar a laghad le n-íoc i leith na feithicle sular féidir dearbhú um neamhúsáid a dhéanamh.



Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government



An Roinn Iompair
Turasoireachta agus Spóirt

Department of Transport,
Tourism and Sport

Más rud é nach raibh d'fheithicil ar bóthar agus go bhfuil tú ag iarraidh í a chur ar ais ar bóthar:

... i rith Mheán Fómhair 2013:

Is féidir leat dearbhú arna fhianú ag Garda a dhéanamh a chlúdóidh an tréimhse suas go dtí deireadh Lúnasa 2013 agus is féidir cáin a chur ar an bhfeithicil sin ó thús Mheán Fómhair 2013.

... le linn míonna ina dhiaidh sin:

Ní bheidh tú in ann dearbhú arna fhianú ag Garda a dhéanamh níos mó agus beidh riaráistí ó dháta éaga an díosca mótarachánach deiridh le n-íoc mar aon le cáin do thrí mhí ar a laghad.

Más rud é go bhfuil riaráistí le n-íoc agat ar an bhfeithicil agus go mbíonn tú ag iarraidh a dhearbhu nach mbeidh sí ar bóthar:

... i rith Mheán Fómhair 2013:

Is féidir leat riaráistí a íoc suas go dtí deireadh Lúnasa 2013 agus dearbhú um neamhúsáid a dhéanamh i Meán Fómhair 2013 lena mbainfidh dáta tosaithe 1 Meán Fómhair 2013 do thréimhse idir 3 agus 12 mhí.

... le linn míonna ina dhiaidh sin:

Ní bheidh tú in ann dearbhú neamhúsáide a dhéanamh go dtí go mbeidh riaráistí agus trí mhí cánach ar a laghad íoctha i leith na feithicle. Beidh tú in ann dearbhú um neamhúsáid a dhéanamh sa mhí ina mbeidh an mhótarcháin ag dul in éag.